BGE/RE/AH/0811B




Bord Gáis Energy
samhlaímis

# Leictreachas Sa bhaile

Lúnasa / Meán Fómhair 2011

SAN EAGRÁN SEO


| | |
|---|---|
| **Leictreachas Cónaithe –** Sonraí na n-arduithe praghas | **2** |
| **Level Pay –** Íoc an méid chéanna gach mí | **3** |

# Leictreachas Cónaithe
# Sonraí na n-arduithe praghas

Toisc praghsanna ola, gáis agus guail a bheith imithe suas, tá méadú tagtha ar chostas ginte fuinnimh i margadh mórdhíola an leictreachais in Éirinnn, an margadh ina aimsíonn gach soláthraí Éireannach leictreachas. Is oth linn, dá thoradh sin, go mbeimid ag ardú praghsanna leictreachais faoi 12% do gach chustaiméir cónaithe ón 1ú Lúnasa, 2011.

Nuair a chuamar isteach i margadh an leictreachais sa bhliain 2009 thugamar lascainí de suas le 14% ar na gnáthrátaí. Ón am sin tá iarracht déanta againn rogha agus luach ar airgid níos fearr a thabhairt do theaghlaigh agus do chuideachtaí ar fud na tíre. Sa tréimhse sin bhí dhá laghdú ar phraghsanna againn. I mí na Bealtaine 2009 rinneamar laghdú 11.3% ar phraghsanna agus laghdú 3.1% i mí Deireadh Fómhair 2009. Ach, cé gur fhan praghsanna do chustaiméirí mar an gcéanna ó Dheireadh Fómhair 2009 i leith tá ardú leanúnach de bhreis ar 20% tagtha ar phraghsanna mórdhíola leictreachais agus tá sé tuartha go leanfaidh an scéal mar seo de thoradh praghsanna ola, gáis agus guail bheith ag ardú sa chúlra.

Táimid tiomanta ar ár ró-spleáchas ar bhreoslaí iontaiseacha a laghdú trí fheirmeacha gaoithe a fhorbairt agus deiseanna eile chun fuinneamh in-athnuaite a thabhairt chun cinn. Mar mhór-fhostóir Éireannach, táimid tiomanta do dheimhniú go mbíonn ár ngníomhaiochtaí dírithe ar bheith ag fónamh agus ag freastal ar phobail na hÉireann.

Tuilleadh eolais ar an ardú praghais, roghanna solúbtha íocaíochta eile agus ar leideanna spárála fuinnimh, téigh chuig **www.bordgaisenergy.ie** nó glaoigh ar **1850 632 632**.

Léiríonn an tábla thíos na rátaí nua a bheidh i bhfeidhm ar an 1ú Lúnasa 2011.

| **Rataí aonad** (cent san aonad) | **Ex VAT** Ráta aonaid reatha | **Ex VAT** Ón 1ú Lúnasa | **VAT san áireamh** Ráta aonaid reatha | **VAT san áireamh** Ón 1ú Lúnasa |
|---|---|---|---|---|
| **24 uair** | **14.10** | **15.79** | **16.00** | **17.92** |
| **Nightsaver** (Aonad Lá) | **15.06** | **16.87** | **17.09** | **19.14** |
| **Nightsaver** (Aonad Oíche) | **7.45** | **8.34** | **8.46** | **9.47** |
| **Taiscthéamh** (Aonad Oíche) | **7.45** | **8.34** | **8.46** | **9.47** |

| **Táillí Seasta** (Táille laethúil - cent sa ló) | **Ex VAT** Táille reatha | **Ex VAT** Ón 1ú Lúnasa | **VAT san áireamh** Táille reatha | **VAT san áireamh** Ón 1ú Lúnasa |
|---|---|---|---|---|
| **24 uair Uirbeach** | **25.20** | **28.22** | **28.60** | **32.03** |
| **Nightsaver Uirbeach** | **34.60** | **38.75** | **39.27** | **43.98** |
| **24 uair Tuaithe** | **33.60** | **37.63** | **38.13** | **42.71** |
| **Nightsaver Tuaithe** | **43.80** | **49.06** | **49.71** | **55.68** |
| **Stóras oíche** | **2.20** | **2.46** | **2.50** | **2.80** |

# Deireadh le tuairimíocht **agus do bhillí leictreachais á n-íoc agat**




Nach mbeadh sé ar fheabhas dá mbeadh a fhios agat cé mhéid go díreach a chosnóidh do leictreachas gach mí? Is féidir anois le Level Pay de chuid Bord Gáis Energy. Tá sé chomh héasca leis seo:

- **Aontaíonn tú ar shuim mhíosúil a íocw**
- **Tá an tsuim seo bunaithe ar an méid leictreachais a úsáid tú anuraidh***
- **Íocann tú le Dochar Díreach**

Le Level Pay, beidh smacht agat i gcónaí ar do bhuiséad leictreachais mar bíonn a fhios agat cé mhéid a bheidh á íoc agat gach mí. Deireadh leis na geiteanna i do bhille gach mí agus ina áit an tsuim chéanna gach mí.





## Buntáistí Level Pay

- Smacht iomlán ar do bhuiséad leictreachais toisc go mbeidh a fhios agat i gcónaí cé mhéid a íocfaidh tú gach mí.
- Is féidir leat an dáta íocaíochta is fearr a oireann duit a roghnú.
- Ag deireadh an dha mhí déag, tugtar ar aghaidh aon tsuim atá dlite duit nó dúinne go dtí an bhliain dar gcionn agus scaiptear go cothrom thar na híocaíochtaí míosúla í.
- Seirbhís saor in aisce atá ann.

Tá se saor in aisce agus an-éasca clárú do **Level Pay**. Glaoigh orainn ar **1850 22 27 29**, bíodh na nithe seo go léir a leanas agat agus déanfaimid an chuid eile:

- **Cuntas Dochar Díreach socraithe agat cheana le Bord Gáis Energy**
- **Gan aon riaráiste ar do chuntas**
- **Léamh méadair a tógadh le déanaí (gan bheith thar ceithre mhí)**

Bíodh smacht agat le Level Pay
Téigh go: **www.bordgaisenergy.ie/levelpay**
Glaoigh ar: **1850 22 27 29**

*Bunaítear an tsuim mhíosúil a bheadh le híoc agat ar úsáid/bille iomlán na bliana roimhe sin (roinnte faoi 12le 20% ceadaithe d'éagsúlachtaí san úsáid agus an baol go n-ardódh praghsanna. Téann téarmaí agus coinníollacha i bhfeidhm.